# Beartas Trédhearcachta an CEI

# Clár na nÁbhar

**1. Cúlra agus cuspóir** ..... 2

**2. Treoirphrionsabail** ..... 4

*Oscailteacht* ..... 4

*Muinín a áirithiú agus faisnéis íogair a chosaint* ..... 4

*Toilteanas éisteacht agus dul i mbun rannpháirtíochta* ..... 4

*Meas ar chearta an duine agus neamhfhulaingt ar dhíoltas* ..... 5

**3. Creat institiúideach** ..... 6

**4. Foilsiú faisnéise** ..... 7

*Prionsabail maidir le foilsiú faisnéise* ..... 7

*Nádúr na faisnéise agus na ndoiciméad foilsithe* ..... 7

**5. Nochtadh faisnéise** ..... 9

*Prionsabail nochta* ..... 9

*Eisceachtaí* ..... 9

*Nósanna imeachta maidir le hiarrataí ar fhaisnéis a láimhseáil* ..... 11

**6. Forálacha maidir le gearáin agus achomhairc** ..... 14

*Sásra Gearán* ..... 14

*An tOmbudsman Eorpach* ..... 14

*An Coiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus* ..... 14

*Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh* ..... 14

**7. Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara** ..... 15

**8. Trédhearcacht a chur chun cinn** ..... 16

**9. Freagrachtaí** ..... 17

European Investment Fund

# 1. Cúlra agus cuspóir

1.1 Is institiúid airgeadais Eorpach é an Ciste Eorpach Infheistíochta (an CEI nó an Ciste), a dhéanann sainchúram de mhaoiniú riosca a chur ar fáil, amhail caipiteal fiontair agus fáis, urrúis agus cineálacha eile ionstraimí airgeadais, d'fhonn a chion féin a dhéanamh le cuspóirí an Aontais Eorpaigh (AE) a shaothrú,[1] go háirithe chun nuálaíocht, fiontraíocht, fás agus fostaíocht a chur chun cinn. Is é is aidhm leis an CEI go príomha ná tacú le gnóthais bheaga agus mheánmhéide (GBManna). I bprionsabal, téann an CEI i mbun gnímh laistigh den Aontas Eorpach, i dtíortha is iarrthóirí agus i dtíortha is iarrthóirí ionchasacha ar an Aontas Eorpach, agus i dtíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE). Is é an Banc Eorpach Infheistíochta (an BEI) scairshealbhóir tromlaigh an CEI, agus is iad Grúpa an BEI le chéile iad. Mar chomhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh, tuigeann an CEI go maith go gcruthaíonn an leibhéal leordhóthanach trédhearcachta luach gnó trí inchreidteacht agus cuntasacht a neartú san earnáil airgeadais. Ina theannta sin, feabhsaíonn trédhearcacht éifeachtúlacht, éifeachtacht agus inbhuanaitheacht oibríochtaí an CEI de bharr go ndéanann sé rioscaí a mhaolú agus caidreamh an CEI le páirtithe leasmhara a fheabhsú.

1.2 Leagtar amach sa doiciméad seo creat cur chun feidhme an CEI maidir le trédhearcacht agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ("**Beartas Trédhearcachta an CEI**" nó an "**beartas**"). Tá sé ag teacht le creat beartais Ghrúpa an BEI, mar atá, Beartas Trédhearcachta Ghrúpa an BEI, ar ghlac Bord Stiúrthóirí an CEI agus Bord Stiúrthóirí an BEI leis an 15 Samhain 2021 agus an 17 Samhain 2021, faoi seach ("**Beartas Trédhearcachta Ghrúpa an BEI**"). Tá feidhm ag treoirphrionsabail Bheartas Trédhearcachta Ghrúpa an BEI, a leagtar síos i gCuid 2, maidir le Grúpa an BEI ina iomláine. Maidir le codanna ina dhiaidh sin, tá a gcreat cur chun feidhme féin ag an BEI agus ag an CEI araon, ina gcuirtear san áireamh an comhthéacs sonrach gnó agus rialachais a bhaineann le gach institiúid faoi seach.

1.3 Agus an beartas seo á chur i bhfeidhm, cuireann an CEI beartais agus rialacha eile de chuid Ghrúpa an BEI san áireamh, amhail Beartas Frithchalaoise Ghrúpa an BEI, Beartas Sceithireachta Ghrúpa an BEI, Beartas Shásra Gearán Ghrúpa an BEI agus Cóid Iompair ábhartha is infheidhme maidir le baill foirne agus comhlachtaí rialaithe. Ní ghabhann an beartas seo, is é sin le rá Beartas Trédhearcachta an CEI, treis ar na beartais ná na rialacha sin ach caithfear é a léamh in éineacht leo mar go dtreisíonn siad go léir lena chéile. I gcás go mbeidh rialacha sonracha trédhearcachta agus nochta i mbeartais eile de chuid Ghrúpa an BEI ag teacht trasna ar Bheartas Trédhearcachta an CEI, is ag Beartas Trédhearcachta an CEI a bheidh an tosaíocht.

1.4 Cuirtear san áireamh i mBeartas Trédhearcachta an CEI an creat um thrédhearcacht phoiblí arna chomhdhéanamh, go háirithe, ag an gCoinbhinsiún ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil ("Coinbhinsiún Aarhus"), arna chur chun feidhme de bhua Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha Choinbhinsiún Aarhus ("Rialachán Aarhus").[2] Leanann an CEI go leanúnach an fhorbairt a thagann ar chreat beartais Ghrúpa an BEI agus an Aontais Eorpaigh maidir le trédhearcacht agus rochtain phoiblí ar fhaisnéis, agus oibríonn chun a chreat cur chun feidhme trédhearcachta a fheabhsú.

[1] cf. Airteagal 2/1 de Reachtanna an CEI.

[2] Arna leasú ó am go ham (agus an Beartas á dhréachtú, rinne Coinbhinsiún Aarhus a leasú go deireanach le Rialachán (CE) 2021/1767 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021, a leasaigh Rialachán (CE) 1367/2006 maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil ar institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail, IO L 356, 8.10.2021, lgh. 1-7).

1.5 Tiocfaidh an beartas seo i bhfeidhm an [1 Márta 2025], in ionad an leagain de Bheartas Trédhearcachta an CEI a bhí ann cheana. Tá fáil ar an mbeartas i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar láithreán gréasáin an CEI.[3]

[3] Má bhíonn na conarthaí a síníodh faoin leagan roimhe de Bheartas Trédhearcachta an CEI ag teacht salach ar an mBeartas seo, is ag téarmaí na gconarthaí sin a bheidh an forlámhas.

# 2. Treoirphrionsabail

## Oscailteacht

2.1 Tá an oscailteacht agus an leibhéal trédhearcachta is airde is féidir mar threoir ag an mbeartas seo. Cuirfear faisnéis maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla agus institiúideacha an CEI ar fáil do thríú páirtithe (an pobal) ach amháin más rud é go bhfuil sí faoi réir eisceacht shainithe ("toimhde an nochta", féach Cuid 5 de Bheartas Trédhearcachta Ghrúpa an BEI agus an chuid de Bheartas Trédhearcachta an CEI a bhaineann le nochtadh), bunaithe ar phrionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne agus i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh.

2.2 Mar bhall-institiúid de Ghrúpa an BEI, measann an CEI, toisc gur institiúid airgeadais agus phoiblí é ag an am céanna, dá thrédhearcaí a bhíonn sé faoin gcaoi a ndéanann sé cinntí, a n-oibríonn sé agus a gcuireann sé beartais an Aontais Eorpaigh chun feidhme is ea is láidre a bheidh a gcreidiúnacht agus a gcuntasacht don phobal. Cuireann trédhearcacht le héifeachtúlacht, éifeachtacht agus inbhuanaitheacht oibríochtaí an CEI chomh maith, rud a threisíonn an cur chuige neamhfhulaingthe atá glactha aige i leith calaoise agus éillitheachta, a áirithítear go gcloítear leis na caighdeáin chomhshaoil agus shóisialta a bhaineann le gníomhaíochtaí maoinithe, agus a chuireann cuntasacht agus dea-rialachas chun cinn.

2.3 Is é an tuiscint atá ag an CEI ar an trédhearcacht ná timpeallacht ina gcuirtear cuspóirí beartais, a chreat dlíthiúil, institiúideach agus eacnamaíoch, cinntí beartais agus an réasúnaíocht ba bhun leo, agus téarmaí a chuntasachta ar fáil don phobal ar bhealach cuimsitheach, inrochtana agus tráthúil. Dá bhrí sin, is bunriachtanas í an trédhearcacht le haghaidh malartú oscailte gan bhac le páirtithe leasmhara trína bhfuil na rialacha agus na cúiseanna is bun le beartais agus cleachtais cothrom agus soiléir do na páirtithe uile.

2.4 Ina theannta sin, nuair a chuirtear faisnéis ar fáil do chinnteoirí eacnamaíocha, cuirtear le cobhsaíocht agus éifeachtúlacht na margaí agus cuirtear cloí le caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta chun cinn.

## Muinín a áirithiú agus faisnéis íogair a chosaint

2.5 Mar institiúid airgeadais, ní mór don CEI muinín agus iontaoibh a chuid cliant, cómhaoinitheoirí agus infheisteoirí a choinneáil, chomh maith le tríú páirtithe ábhartha eile. Is gá, dá bhrí sin, aon údair imní maidir leis an gcaoi a gcaitear le faisnéis rúnda a mhaolú, ar údair imní iad a d'fhéadfadh, murach sin, difear a dhéanamh do thoilteanas na gcomhpháirtithe sin le hoibriú leis an nGrúpa agus, ar an gcaoi sin, bac a chur ar bhaill an Ghrúpa a misin agus a gcuspóirí faoi seach a chomhlíonadh. Áirithítear leis an mbeartas seo go gcosnaítear faisnéis ar a nochtadh i gcás go mbainfeadh a leithéid de nochtadh an bonn de chearta agus leasanna dlisteanacha tríú páirtithe, agus/nó an CEI i gcomhréir leis na heisceachtaí a shainítear sa bheartas seo.

## Toilteanas éisteacht agus dul i mbun rannpháirtíochta

2.6 Caitheann an CEI dúthracht le páirtithe leasmhara a spreagadh go gníomhach chun ionchur a bheith acu ina bheartais agus ina chleachtais. Trína thiomantas don chumarsáid oscailte, léiríonn an CEI go bhfuil sé toilteanach éisteacht le tríú páirtithe sa chaoi go mbainfidh sé tairbhe as an méid a chuireann siad lena chuid oibre agus go gcomhlíonfaidh sé a chuspóirí.

2.7 Cuireann an CEI fáilte roimh idirphlé agus comhar dearfach leis na páirtithe leasmhara go léir bunaithe ar mhuinín agus sochair fhrithpháirteacha.

## Meas ar chearta an duine agus neamhfhulaingt ar dhíoltas

2.8 Gabhann an CEI air féin cearta an duine a urramú ina chuid gníomhaíochtaí uile. Faoi chuimsiú chreat an bheartais seo, ní ghlacann an CEI le díoltas, i bhfoirm ar bith, i gcoinne daoine aonair ná eagraíochtaí a fheidhmíonn a gcearta faoin mbeartas seo.

# 3. Creat institiúideach

3.1 Bhunaigh Bord Gobharnóirí an BEI an CEI in 1994, ar bhonn Airteagal 30 de Reacht an BEI, mar eintiteas a bhfuil pearsantacht dhlítheanach agus uathriail airgeadais aige. Tá a chaipiteal i seilbh an BEI, an Aontais Eorpaigh, dá ndéanann an Coimisiún Eorpach ionadaíocht, agus institiúidí airgeadais, idir phríobháideach agus phoiblí. Tá an CEI comhdhéanta de cheithre chomhlacht reachtúla, is iad sin Cruinniú Ginearálta na scairshealbhóirí, an Bord Stiúrthóirí, an Bord Iniúchóireachta agus an Príomhfheidhmeannach. Is é an Príomhfheidhmeannach atá freagrach as an gCiste a bhainistiú ó lá go lá agus, de réir Reachtanna an CEI, féadfaidh Leas-Phríomhfheidhmeannach cúnamh a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach.

3.2 Ina chuid oibríochtaí ó lá go lá, déanann an CEI gach iarracht a áirithiú go mbíonn a chuid gníomhaíochtaí ag cloí le beartais agus dlíthe an Aontais Eorpaigh nó, i gcás nach infheidhme iad sin, go n-úsáidtear beartais agus dlíthe an Aontais Eorpaigh mar an tagairt is fearr. Cuireann an CEI caighdeáin mhargaidh san áireamh freisin, mar aon le cleachtais eagraíochtaí eile san earnáil airgeadais.

3.3 Is príomhchuspóir de chuid an Aontais Eorpaigh é trédhearcacht institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh a fheabhsú. Is éard is aidhm leis sin ná iad a thabhairt chomh gar don phobal a bhfreastalaíonn siad orthu agus is féidir, chomh maith le béim a leagan ar a ábharaí atá an méid a dhéanann siad ar son chomhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe na hEorpa, agus ar son cuspóirí comhair sheachtraigh an Aontais a chur chun cinn.

3.4 Tá an beartas seo ag teacht le hoibleagáidí dlíthiúla an CEI maidir le prionsabal na hoscailteachta agus an ceart chun rochtain phoiblí ar fhaisnéis agus ar dhoiciméid. Leagtar amach in Airteagail 3.5 agus 3.6 thíos, ar bhealach neamhtheicniúil, tuiscint an CEI ar an ngaol atá idir an beartas agus na hoibleagáidí dlíthiúla atá air.

3.5 Tá prionsabal na hoscailteachta cumhdaithe in Airteagal 1 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (an CAE), áit a luaitear gurb é atá sa Chonradh ná céim nua sa síorphróiseas ionsar aontas buandlúite a chur ar bun idir pobail na hEorpa, ina nglactar cinntí ar dhóigh chomh hoscailte agus is féidir agus ar leibhéal chomh gar do na saoránaigh agus is féidir. Déanann an oscailteacht a cion féin freisin le treisiú le prionsabail an daonlathais agus an mheasa ar chearta bunúsacha, i gcomhréir le hAirteagal 6 den CAE. Ceanglaítear le hAirteagal 15(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, an CEI ina measc, a gcuid oibre a dhéanamh ar bhealach atá chomh hoscailte agus is féidir d'fhonn an dea-rialachas a chur chun cinn agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a áirithiú.

3.6 Déantar foráil in Airteagal 15(3) den CFAE do cheart na rochtana poiblí ar dhoiciméid. Is ceart bunúsach é sin, a aithnítear le hAirteagal 42 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Mar chuid de Ghrúpa an BEI agus i gcomhréir le halt 3.7 de Bheartas Trédhearcachta Ghrúpa an BEI, déanann an CEI gach iarracht, tríd an mbeartas seo, na prionsabail a chuirtear ina bhfocail in Airteagal 15(3) den CFAE a chur chun feidhme ar bhealach atá ag teacht le prionsabail na hoscailteachta, an dea-rialachais agus na rannpháirtíochta, agus a mheas ag an am céanna cén chaoi ba cheart feidhm a bheith ag na prionsabail ghinearálta agus ag na teorainneacha ginearálta lena rialaítear an ceart rochtana poiblí i ndáil leis na feidhmeanna sonracha atá aige mar institiúid airgeadais.

# 4. Foilsiú faisnéise

## Prionsabail maidir le foilsiú faisnéise

4.1 Le tacú le prionsabal na trédhearcachta agus le hé a chur chun cinn, tá gealltanas tugtha ag an CEI faisnéis agus doiciméid a bhaineann lena ról, a bheartais agus a oibríochtaí a fhoilsiú agus a nuashonrú go tráthúil.

4.2 Is é láithreán gréasáin an CEI (www.eif.org) an príomhbhealach chun faisnéis a scaipeadh go forleathan maidir le gníomhaíochtaí an CEI. Ina theannta sin, féadfaidh an CEI faisnéis a scaipeadh ar an bpobal ar bhealaí eile chomh maith, amhail cóipeanna crua d’fhoilseacháin agus de dhoiciméid fhaisnéiseacha, preaseisiúintí, cur i láthair ag comhdhálacha, seimineáir agus na meáin shóisialta.

4.3 Cé gurb é an Béarla an rogha teanga cumarsáide leis an bpobal ar chúiseanna praiticiúla agus oibríochtúla, tá teangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh inghlactha. Foilsíonn an CEI Beartas Trédhearcachta an CEI i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh.

4.4 I gcomhréir le Rialachán Aarhus, cuirtear an fhaisnéis chomhshaoil atá i seilbh an CEI ar fáil de réir a chéile trí Chlár Poiblí Doiciméad an CEI, atá curtha ar bun ag an CEI ar a láithreán gréasáin (“**Clár Poiblí an CEI**”). Áirítear go háirithe i gClár Poiblí an CEI príomhdhoiciméid beartais comhshaoil a bhaineann go sonrach le Grúpa an BEI agus leis an CEI, doiciméid maidir le gnéithe comhshaoil agus sóisialta a bhaineann le cistí agus, de réir mar is infheidhme, tuarascálacha agus treoirlínte.

4.5 Laistigh de na teorainneacha a fhorchuirtear le dlíthe agus rialacháin is infheidhme agus gan dochar do Chuid 5 (Nochtadh Faisnéise) den bheartas seo, is ag an CEI a bheidh an cinneadh deiridh maidir leis an bhfaisnéis a scaoilfear don phobal, na doiciméid a fhoilseofar, an fhormáid ina bhfoilseofar iad, agus na bealaí trína ndéanfar an scaipeadh.

## Nádúr na faisnéise agus na ndoiciméad foilsithe

4.6 Foilsíonn an CEI raon leathan faisnéise agus doiciméad ar a láithreán gréasáin go rialta, lena n-áirítear:

- Faisnéis institiúideach agus tuairiscí chun dáta;
- beartais agus straitéisí;
- taighde agus anailís mhargaidh;
- tuarascálacha de chuid Ghrúpa an BEI;
- faisnéis maidir le táirgí infheistíochta fiachais, cothromais agus forbartha acmhainne nó sainorduithe;
- faisnéis d’institiúidí bainc agus ráthaíochta, bainisteoirí cistí, infheisteoirí príobháideacha agus rannpháirtithe eile sa mhargadh;
- tionscnaimh forbartha réigiúnaí, tionscnaimh thír-oiriúnaithe agus tionscnaimh earnáil-oiriúnaithe;
- glaonna ar léiriú spéise chuig rogha idirghabhálaithe airgeadais;

- faisnéis soláthair agus fógraí tairisceana ar chuntas an CEI féin;
- faisnéis a bhaineann le cuntasacht agus rialachas.
- faisnéis chomhshaoil, shóisialta agus rialachais. Is féidir rochtain a fháil ar na doiciméid agus ar na foilseacháin sa chatagóir seo trí Chlár Poiblí an CIF ar a láithreán gréasáin chomh maith.

4.7 Tar éis an Cruinniú Ginearálta a cheadú, foilsíonn an CEI ráitis airgeadais iniúchta ar bhonn bliantúil agus áirítear i dTuarascáil Bhliantúil an CEI iad. Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CITA) agus áirítear leo nótaí nochta leis an gClár Comhardaithe agus leis an Ráiteas Cuntais Brabúis agus Caillteanais, chomh maith le Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha agus Tuarascáil an Bhoird Iniúchóireachta. Ina theannta sin, bíonn nochtadh líne ar líne i dTuarascáil Bhliantúil an CEI ar na sínithe cothromais agus urrúis, in éineacht le príomhfhaisnéis achomair (ainm an chontrapháirtí, acmhainn, méid, i measc nithe eile).

4.8 Foilsíonn an CEI sleachta as na miontuairiscí ar chinntí an Bhoird Stiúrthóirí, chomh maith leis na cinntí a dhéanann Príomhfheidhmeannach an CEI faoi tharmligean ón mBord Stiúrthóirí, tar éis dóibh iad a cheadú. Ina theannta sin, cuireann an CEI féilire chruinnithe sceidealta an Bhoird Stiúrthóirí agus an Bhoird Iniúchóireachta ar fáil.

4.9 Foilsíonn Grúpa an BEI Tuarascáil Nochta um Bainistíocht Riosca gach bliain, a dtugtar "Tuarascáil Cholún 3" uirthi freisin de réir an tsainmhínithe ó Choiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht. Bíonn an tuarascáil deartha le tuilleadh faisnéise a chur ar fáil faoi chur chuige Ghrúpa an BEI i leith na príomhrioscaí a mbíonn sé faoina mbagairt a bhainistiú agus measúnú a dhéanamh ar a leordhóthanacht caipitil, a ghiaráil agus a leachtacht. Chomh maith le cloí leis an nochtadh a leagtar amach sna Rialacháin ón Aontas Eorpach maidir le Ceanglais Chaipitil, meastar sa Tuarascáil Nochta um Bainistíocht Riosca treoirlínte agus tuairimí an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh, chomh maith leis na Doiciméid Caighdeán ó Choiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht maidir le ceanglais nochta. Tá ról lárnach ag nochtuithe Cholún 3 maidir le smacht an mhargaidh a chur chun cinn trí fhaisnéis fhónta stuamachta a thuairisciú go poiblí. Céim mhór chun tosaigh iad sainmhíniú agus cur chun feidhme chomhchreat Cholún 3 ina ndéantar foráil do nochtuithe stuamachta atá gráinneach agus inchomparáide i dtreo neamhshiméadracht faisnéise a laghdú le húsáideoirí faisnéise stuamachta.

4.10 Ar deireadh, ag teacht leis an dea-chleachtas margaigh, tá sonraí comhiomlána ar an maoiniú a chuireann an CEI ar fáil trí idirghabhálaithe, lena n-áirítear miondealú de réir tíre agus earnála, ar fáil ar líne.[4]

4.11 Déanann Grúpa an BEI monatóireacht an-dhlúth ar an spás inbhuanaitheachta agus cloíonn go toildeonach le creataí tuairiscithe comhshaoil agus inbhuanaitheachta, de réir mar is infheidhme, agus foilsíonn na tuarascálacha ar a láithreán gréasáin.

[4] https://smefinance.eif.org

# 5. Nochtadh faisnéise

## Prionsabail nochta

5.1 Toimhde an nochta:

a. Tá gach faisnéis agus doiciméad atá i seilbh an CEI faoi réir a nochta arna iarraidh sin, ach amháin má bhíonn cúis an-láidir ann gan iad a nochtadh (féach "Eisceachtaí" thíos).

b. Tá feidhm ag an mbeartas seo gan dochar don cheart chun rochtain phoiblí ar fhaisnéis nó ar dhoiciméid atá i seilbh an CEI i gcomhréir le:

   i. Coinbhinsiún Aarhus arna chur chun feidhme le Rialachán Aarhus; tabharfaidh an CEI aird ar leith ar gach iarraidh ar nochtadh faisnéise nó doiciméad, go háirithe iad siúd a bhaineann le faisnéis faoin gcomhshaol;

   nó

   ii. ionstraimí eile den dlí idirnáisiúnta agus de dhlí an Aontais Eorpaigh, nó gníomhartha de chuid institiúidí an Aontais Eorpaigh lena gcuirtear chun feidhme iad, atá infheidhme maidir leis an CEI.

5.2 Neamh-idirdhealú agus cóir chomhionann: Tá sé de cheart ag gach duine den phobal faisnéis nó doiciméid a iarraidh ar an CEI agus iad a fháil go tráthúil gan a bheith thíos le haon chineál díoltais. Agus iarraidh ar fhaisnéis nó ar dhoiciméid á meas aige, ní dhéanann an CEI idirdhealú ná ní thugann rochtain phribhléideach speisialta ar fhaisnéis ná ar dhoiciméid.

## Eisceachtaí

5.3 Cé go bhfuil an CEI tiomanta do bheartas toimhde nochta agus trédhearcachta, tá sé de dhualgas air freisin rúndacht ghairmiúil a urramú i gcomhréir le dlíthe an Aontais Eorpaigh, Airteagal 339 den CFAE go háirithe, chomh maith le reachtaíocht chun sonraí pearsanta a chosaint. D'fhéadfadh feidhm a bheith ag rialacháin náisiúnta agus ag caighdeáin mhargaigh lena gcumhdaítear conarthaí gnó agus gníomhaíocht mhargaidh freisin ar an CEI. Dá bhrí sin, tá srianta áirithe ann maidir le nochtadh faisnéise agus doiciméad.

Agus na heisceachtaí maidir le nochtadh á gcur i bhfeidhm aige, tabharfaidh an CEI aird chuí, i gcomhréir le Cuid 3 (Creat Institiúideach) den bheartas seo, ar a ról sonrach agus ar a ghníomhaíochtaí sonracha, agus ar an ngá atá lena leasanna dlisteanacha agus leasanna dlisteanacha a chuid príomhaithe sainordaithe a chosaint, agus le rúndacht a chaidrimh lena chuid contrapháirtithe a chosaint.

5.4 Diúltófar rochtain ar fhaisnéis go háirithe i gcás go mbainfeadh an nochtadh an bonn de chosaint na nithe seo a leanas:

a. Leas an phobail, maidir le:

- slándáil an phobail;
- cosaint agus cúrsaí míleata;
- caidreamh idirnáisiúnta;
- beartas airgeadais, airgeadaíochta nó eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh, a institiúidí agus a chomhlachtaí, nó Ballstáit;

- an comhshaol, amhail láithreacha póraithe speiceas neamhchoitianta.

b. Príobháid agus sláine, sábháilteacht agus slándáil an duine aonair, go háirithe i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le cosaint sonraí pearsanta.[5]

5.5 Diúltófar rochtain ar fhaisnéis nó ar dhoiciméid freisin i gcás go mbainfeadh a nochtadh an bonn de chosaint na nithe seo a leanas:

- leasanna tráchtála duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh[6] ;
- maoin intleachtúil;
- imeachtaí cúirte agus comhairle dlí;
- críocha cigireachtaí, imscrúduithe agus iniúchtaí.[7]

Toimhdeofar go mbainfeadh nochtadh faisnéise agus doiciméad arna nginiúint le linn cigireachtaí, imscrúduithe agus iniúchtaí an bonn ó chosaint chuspóir na gcigireachtaí, na n-imscrúduithe agus na n-iniúchtaí.

I gcás iarrataí ar nochtadh faisnéise nó doiciméad a bhaineann le himscrúduithe atá tugtha chun críche, déanfar iad a mheas i bhfianaise na n-imthosca ábhartha go léir a bhaineann le gach cás[8], chomh maith leis na prionsabail agus na rialacha ábhartha, lena n-áirítear iad siúd dá bhforáiltear sna nithe seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh:

- reachtaíocht cosanta sonraí an Aontais Eorpaigh
- tuairimí ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí
- reachtaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh a bhaineann le himscrúduithe arna seoladh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)
- an creat dlíthiúil a bhaineann le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (EPPO)
- Beartas Frithchalaoise Ghrúpa an BEI

5.6 Diúltófar rochtain ar fhaisnéis nó ar dhoiciméid, arna gcur i dtoll a chéile ag an CEI lena n-úsáid go hinmheánach nó arna bhfáil ag an CEI, a bhaineann le hábhar nach bhfuil an cinneadh ina leith déanta ag an CEI go fóill, dá mbainfeadh nochtadh an doiciméid nó na faisnéise an bonn go mór de phróiseas cinnteoireachta an CEI.

Diúltófar rochtain ar fhaisnéis nó ar dhoiciméid ina bhfuil tuairimí lena n-úsáid go hinmheánach mar chuid de phlé agus réamhchomhairliúcháin laistigh den CEI nó le Ballstáit/páirtithe leasmhara eile fiú tar éis an cinneadh a dhéanamh dá mbainfeadh nochtadh na faisnéise/an doiciméid an bonn go mór de phróiseas cinnteoireachta an CEI.

---

5 Is cearta bunúsacha faoi seach iad cosaint príobháide agus cosaint sonraí pearsanta dá bhforáiltear in Airteagail 7 agus 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil, cuireann an CEI na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1725 i bhfeidhm.

6 Cumhdaítear leis an téarma “leas tráchtála” cásanna ina ndearna an CEI comhaontú rúndachta, ach ní bheidh sé teoranta dóibh. Cumhdaítear leis chomh maith na i) faisnéis ghnó, airgeadais, dhílsithe nó neamhphoiblí eile nó doiciméid arna gcruthú nó arna bhfáil ag an CEI; ii) faisnéis a bhaineann le caibidlíocht, doiciméadú dlíthiúil agus comhfhreagras gaolmhar. Féadfar leasanna tráchtála a bheith faoi chosaint freisin fiú tar éis don chomhaontú rúndachta dul in éag.

7 Tá feidhm ag an tríú pointe urchair d’Airteagal 5.5 maidir le cigireachtaí, imscrúduithe agus iniúchtaí lena n-áirítear dícheall cuí comhlíonta arna dhéanamh ag na seirbhísí ábhartha de chuid Ghrúpa an BEI, nó thar a gceann, na feidhmeanna imscrúdaithe, iniúchóireachta agus comhlíonta go háirithe, chomh maith le tríú páirtithe ábhartha eile (amhail an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) nó údaráis náisiúnta).

8 Meastar imscrúduithe a bheith tugtha chun críche tráth a ndúntar iad gan obair leantach ná faireachán, nó tráth a gcuirtear an obair leantach nó an faireachán i gcrích.

5.7 Beidh feidhm ag na heisceachtaí faoi 5.4, 5.5 agus 5.6 ach amháin má bhíonn leas sáraitheach poiblí ann i dtaca lena nochtadh. Maidir le hAirteagal 5.4 agus an dara agus an ceathrú pointe urchair d'Airteagal 5.5 gan imscrúduithe a chur san áireamh, measfar go bhfuil leas sáraitheach poiblí ann i dtaca le nochtadh i gcás go mbaineann an fhaisnéis arna hiarraidh le hastaíochtaí sa chomhshaol.

5.8 Ag teacht leis an gcreat dlí is infheidhme, ba cheart na forais le diúltú a léirmhíniú ar bhealach sriantach, go háirithe maidir le rochtain ar fhaisnéis nó ar dhoiciméid chomhshaoil, agus aird á tabhairt ar cén chaoi a rachadh an nochtadh chun leas an phobail.

5.9 Maidir le doiciméid tríú páirtí atá i seilbh an CEI, rachaidh an CEI i gcomhairle leis an tríú páirtí d'fhonn a mheas an bhfuil aon eisceachtaí maidir le nochtadh infheidhme, ach amháin más rud é gur léir, i dtuairim réasúnach an CEI, gur féidir an fhaisnéis nó an doiciméad a nochtadh.

5.10 Féadfaidh Ballstát nó institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh a iarraidh ar an CEI gan faisnéis nó doiciméid a thagann óna leithéid de pháirtí a nochtadh gan toiliú ina leith sin a fháil uaidh roimh ré, ach na cúiseanna a bhfuil sé ag cur i gcoinne an nochta a lua trí thagairt do na heisceachtaí a dtagraítear dóibh i gCuid 5 (Nochtadh faisnéise) den bheartas seo.

5.11 Ní bheidh feidhm ag eisceachtaí ach go ceann na tréimhse a bhfuil bonn cirt le cosaint na faisnéise nó an doiciméid ar bhonn a bhfuil ann. Féadfaidh feidhm a bheith ag na heisceachtaí go ceann 30 bliain ar a mhéad. Tar éis 30 bliain, déantar athbhreithniú ar dhoiciméad ag féachaint lena chartlannú go poiblí. I gcás doiciméid a chumhdaítear leis na heisceachtaí a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta nó leasanna tráchtála duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh, lena n-áirítear maoin intleachtúil, chomh maith le doiciméid a chumhdaítear leis na heisceachtaí faoi Airteagal 5.4(a) den bheartas seo, eadhon slándáil an phobail, cosaint agus cúrsaí míleata, féadfaidh na heisceachtaí leanúint d'fheidhm a bheith acu tar éis na tréimhse sin, más gá. Go ginearálta, ní choinneoidh an CEI faisnéis ach go dtí deireadh na tréimhse a gcaithfidh an CEI í a choinneáil de bhun an bheartais coinneála is infheidhme de chuid Ghrúpa an BEI agus de bhun threoirlínte coinneála taifead an CEI.

## Nósanna imeachta maidir le hiarrataí ar fhaisnéis a láimhseáil

Is iad seo a leanas na nósanna imeachta atá ag an CEI le hiarrataí ar fhaisnéis ón bpobal a láimhseáil:

5.12 Déanfar iarrataí ar fhaisnéis a dhíriú i scríbhinn, más féidir é, tríd an bhfoirm ar leith atá ar láithreán gréasáin an CEI, nó chuig an seoladh ríomhphoist transparency@eif.org, nó chuig seoladh dlíthiúil an CEI (An Ciste Eorpach Infheistíochta, 37B Av. John F. Kennedy, 2968 Kirchberg Lucsamburg).

5.13 Níl sé d'oibleagáid ar an iarratasóir cúiseanna a lua leis an iarraidh.

5.14 Láimhseálfaidh an CEI gach iarraidh ar fhaisnéis shonrach nó ar dhoiciméid shonracha go pras. Tabharfaidh an CEI rochtain iomlán nó pháirteach ar an bhfaisnéis nó ar an doiciméad a iarradh (i gcás nach bhfuil ach codanna de dhoiciméad arna iarraidh clúdaithe ag aon cheann de na srianta thuas, scaoilfear an fhaisnéis atá sna codanna eile) agus/nó luafaidh an CEI na forais leis an diúltú iomlán nó páirteach.

5.15 Mura mbeidh iarraidh beacht a dóthain nó murar féidir an doiciméad nó an fhaisnéis a shainaithint uaithi, iarrfar ar an iarratasóir an iarraidh a shoiléiriú.

5.16 Má tá an fhaisnéis nó an doiciméad a iarradh curtha san fhearann poiblí cheana féin ag an CEI nó ag a chontrapháirtithe, féadfaidh an CEI, maidir lena oibleagáid le rochtain a thabhairt, an oibleagáid

sin a chomhlíonadh ach a chur in iúl don iarratasóir cén chaoi teacht ar an bhfaisnéis nó ar an doiciméad a iarradh.[9]

5.17 I gcás iarraidh a bhaineann le doiciméad an-fhada nó le líon an-mhór doiciméad, féadfaidh an CEI dul i gcomhairle leis an iarratasóir go neamhfhoirmiúil, d'fhonn teacht ar réiteach cothrom.

5.18 Déanann an CEI iarrataí a phróiseáil agus tugann freagra orthu gan mhoill tráth nach déanaí ná 15 lá oibre tar éis a bhfála.

5.19 I gcásanna eisceachtúla, féadfar síneadh ama 15 lá oibre a chur leis an am freagartha, mar shampla sna cásanna casta seo a leanas:

- i gcás go mbaineann an iarraidh le méid mór faisnéise nó doiciméad, nó le faisnéis nó doiciméid stairiúla;
- i gcás nach bhfuil fáil éasca ar an bhfaisnéis;
- i gcás go bhfuil an iarraidh, nó an fhaisnéis nó na doiciméid atá á lorg i dteangacha eile seachas teanga oibre an CEI (Béarla) agus go gcaithfear aistriúchán a dhéanamh orthu chun iad a phróiseáil.

Sna cásanna sin, cuirfidh an CEI an t-iarratasóir ar an eolas faoin síneadh moille laistigh de na 15 lá oibre tar éis iarraidh den sórt sin a fháil.

Ar bhonn na hiarrachta is fearr, féachann an CEI le freagra a thabhairt ar iarrataí casta den sórt sin tráth nach déanaí ná 30 lá oibre tar éis iarraidh ar fhaisnéis a fháil.

5.20 Cuirfidh an CEI faisnéis agus doiciméid ar fáil sa leagan agus san fhormáid a bhfuil siad iontu cheana, nó, más féidir, i bhformáid atá ag teacht le riachtanais shonracha an iarrthóra.

5.21 Ní ceadmhach ach costais táirgthe agus seolta na gcóipeanna a ghearradh ar an iarratasóir. Ní rachaidh an muirear thar fhíorchostas táirgthe agus seolta na gcóipeanna.

5.22 Déanfar iarrataí a láimhseáil i gcomhréir leis na rialacha chun daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta de réir mar a leagtar síos i ndlí an Aontais Eorpaigh.[10]

5.23 Más rud é, chun na leasanna a chosnaítear leis an mbeartas seo a chumhdach, nach bhféadfaidh an CEI an fhaisnéis ná an doiciméad arna iarraidh a nochtadh, cibé go páirteach nó go hiomlán, luafar an chúis nó na cúiseanna nach bhféadtar an fhaisnéis sin a chur ar fáil agus cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas faoin gceart chun iarraidh dheonach dhaingniúcháin a dhéanamh nó gearán a thaisceadh (mar a leagtar amach tuilleadh anseo thíos).

5.24 Coimeádann an CEI an ceart aige féin diúltú freagra a thabhairt ar iarraidh i gcás go bhfuil sí iomarcach nó atriallach. Is amhlaidh an scéal i gcás iarrataí is léir atá suaibhreosach nó mailíseach, nó a bhaineann le cúrsaí tráchtála.

5.25 I gcás diúltú iomlán nó páirteach tar éis na hiarrata tosaigh, féadfaidh an t-iarratasóir, laistigh de 15 lá oibre ó fhreagra an CEI a fháil, iarraidh dhaingniúcháin a dhéanamh chun iarraidh ar an CEI athmhachnamh a dhéanamh ar a sheasamh. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an t-iarratasóir gearán a thaisceadh le Sásra Gearán Ghrúpa an BEI mar a leagtar amach a thuilleadh faoi Chuid 6.

---

[9] D'fhéadfadh an CEI hipearnasc a chur ar fáil chuig leathanach gréasáin ar a bhfuil an fhaisnéis nó an doiciméad ar fáil, cuir i gcás.

[10] Féach, go háirithe, Rialachán (AE) 2018/1725.

5.26 I gcás diúltú iomlán nó páirteach tar éis iarraidh dhaingniúcháin, cuirfidh an CEI an t-iarratasóir ar an eolas faoi na leigheasanna atá ar fáil dó nó di, eadhon gearán a dhéanamh leis an Sásra Gearán, gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh nó imeachtaí cúirte a thionscnamh i gcoinne an CEI os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Chúirt).

5.27 Má mhainníonn an CEI freagra a thabhairt ar iarraidh laistigh de na teorainneacha ama a thuairiscítear in Airteagail 5.18 agus 5.19, measfar gur freagra diúltach é agus beidh an t-iarratasóir i dteideal gearán a dhéanamh le Sásra Gearán Ghrúpa an BEI nó leis an Ombudsman Eorpach, nó imeachtaí cúirte a thionscnamh i gcoinne an CEI os comhair na Cúirte.

# 6. Forálacha maidir le gearáin agus achomhairc

## Sásra Gearán

6.1 Is le Beartas Shásra Gearán Ghrúpa an BEI a chinntear na forálacha maidir le gearáin do Ghrúpa an BEI, beartas ina n-aithnítear an ceart atá ag baill den phobal gearán a thaisceadh maidir le drochriarachán líomhnaithe i gcoinne an CEI agus ina gcuirtear uirlis ar fáil don phobal lena gcumasaítear réiteach malartach agus réamhghabhálach ar dhíospóidí.

6.2 Aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach a líomhnaíonn cás drochriaracháin i gcoinne an CEI, lena n-áirítear mainneachtain beart a dhéanamh de réir a Bheartais Trédhearcachta seo, féadfaidh sé nó sí gearán a thaisceadh laistigh de bhliain amháin ón dáta a bhféadfadh fíorais na líomhna a bheith ar eolas ag an ngearánaí go réasúnach.

6.3 I gcomhréir lena bheartas, ní dhéanann Sásra Gearán Ghrúpa an BEI plé le gearáin a taisceadh cheana féin le sásraí athbhreithnithe riaracháin nó bhreithiúnaigh eile nó atá socraithe cheana féin ag sásraí den sórt sin.

## An tOmbudsman Eorpach

6.4 I gcás míshástachta le toradh an ghearáin a taisceadh le Sásra Gearán Ghrúpa an BEI, is féidir le saoránaigh den Aontas Eorpach nó le haon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach, i gcomhréir le hAirteagal 228 den CFAE agus beag beann ar cibé acu atá baint dhíreach aige leis an drochriarachán líomhnaithe nó nach bhfuil, gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach.[11]

## An Coiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus

6.5 Tá sé de cheart ag aon duine den phobal cumarsáidí a chur faoi bhráid an Choiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus i gcoinne an Aontais Eorpaigh maidir le neamhchomhlíonadh líomhnaithe an Choinbhinsiúin.

## Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

6.6 Beidh cinneadh an CEI tar éis iarratas daingniúcháin faoi réir achomharc breithiúnach os comhair na Cúirte freisin i gcomhréir le forálacha ábhartha den CFAE, Airteagal 263 agus Airteagal 271 go háirithe. Agus cinneadh á dhéanamh agóid a dhéanamh i gcoinne an CEI os comhair na Cúirte Breithiúnais, ba cheart do pháirtithe leasmhara a chur sa mheá go bhféadfadh an t-achomharc breithiúnach cosc a chur ar rochtain ar shásraí malartacha um réiteach díospóidí, amhail Sásra Gearán Ghrúpa an BEI agus an tOmbudsman Eorpach.

[11] De réir an mhéid atá curtha suas ag an Ombudsman Eorpach ar a láithreán gréasáin, tá gealltanas tugtha aige freisin go n-úsáidfidh sé a chumhacht tionscnaimh féin le gearáin arna gcur faoina bhráid a láimhseáil i gcás go bhfuil forais ann chun déanamh amhlaidh agus i gcás gurb é an t-aon chúis amháin a bhfuil cosc ar fhiosrúchán ná nach bhfuil an gearánaí ina shaoránach den Aontas Eorpach ná ina dhuine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil oifig chláraithe aige laistigh den Aontas Eorpach.

# 7. Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

7.1 Is é bunchuspóir phrionsabail an CEI maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ná a áirithiú go n-éistear le páirtithe leasmhara, agus go dtugtar aird chuí ar nithe is údar imní dóibh.

7.2 Cuireann an CEI an trédhearcacht chun cinn mar bhealach le cur lena chuntasacht. Dá bhrí sin, is aidhm leis an CEI an fhaisnéis a theastaíonn ó pháirtithe leasmhara a chur ar fáil dóibh.

7.3 Déanann rannpháirtíocht páirtithe leasmhara an CEI gach iarracht cloí leis an dea-chleachtas a leagann an BEI agus institiúidí idirnáisiúnta airgeadais eile amach, atá dírithe ar chomhthuiscint a mhéadú, aghaidh a thabhairt ar nithe is údar imní do pháirtithe leasmhara agus gníomhaíochtaí a choigeartú dá réir sin, aon bhearna a d'fhéadfadh a bheith ann idir ionchais, beartais agus cleachtas a laghdú agus, ar an gcaoi sin, comhleanúnachas agus cuntasacht níos fearr a bhaint amach i mbeartais agus i gcleachtais an CEI.

7.4 Ag cloí dó le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le Prionsabail Threoracha na NA maidir le Gnó agus Cearta an Duine, urramaíonn an CEI cearta an duine, lena n-áirítear na cearta chun rochtain ar fhaisnéis, chun bheith rannpháirteach agus chun leigheas a fháil. I gcomhréir leis sin, ní mór do pháirtithe leasmhara a bheith in ann caidreamh gan bhac a bheith acu leis an CEI maidir le haiseolas a thabhairt, cur i gcoinne nithe, agus nithe is údar imní a ardú. Dá bhrí sin, ní ghlacann an CEI le gníomhartha imeaglaithe ná le bearta díoltais i ndáil le gníomhaíochtaí atá maoinithe ag an CEI, agus déanfaidh bearta leantacha de réir mar is iomchuí agus i gcás gurb iomchuí.

# 8. Trédhearcacht a chur chun cinn

8.1 Is féidir leis an rialachas lag, leis an éilliú agus leis an easpa trédhearcachta a bheith ina mbac suntasach ar an bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta. Cuireann an CEI an trédhearcacht agus an dea-rialachas chun cinn go gníomhach ina chuid idirbheart agus lena chuid contrapháirtithe.

8.2 Déanann an CEI a chreat beartas a fhí isteach i mbeartais Ghrúpa an BEI agus coinníonn dlúth-theagmhálacha leis an BEI, mar aon le hinstitiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh agus le hinstitiúidí agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile, le faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí nua i réimse na trédhearcachta agus an nochta agus le tuairimí a mhalartú maidir leo d'fhonn a bheartais agus a chleachtais féin a fheabhsú go leanúnach. Tugann sé aghaidh freisin ar shaincheisteanna trédhearcachta agus nochta san idirphlé a leanann ar aghaidh leis na páirtithe leasmhara go léir.

8.3 Spreagann an CEI a chuid contrapháirtithe gnó, scairshealbhóirí agus príomhaithe sainordaithe chun faisnéis nó doiciméid a chur ar fáil maidir leis an gcaidreamh atá acu leis an CEI, go háirithe iad siúd a bhaineann le cúrsaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais. Ba cheart an méid sin a dhéanamh gan dochar d'oibleagáidí rúndachta, do leasanna dlisteanacha an CEI, do thríú páirtithe eile, ná do na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme.

8.4 Leanfaidh an CEI air ag neartú a iarrachtaí chun a thrédhearcacht, a chuntasacht agus a rialachas a fheabhsú i gcomhréir leis na creataí trédhearcachta agus rialachais is infheidhme de chuid Ghrúpa an BEI, agus chun fanacht ar thús cadhnaíochta sa réimse seo mar institiúid thrédhearcach fhreagrach.

8.5 Mar chuid den Ghrúpa an BEI, tá gealltanas tugtha ag an CEI go gcuirfidh sé le tuarascálacha deonacha Ghrúpa an BEI i réimse na hinbhuanaitheachta, an chomhshaoil agus an rialachais, agus go bhfoilseoidh sé iad, mar a léirítear i dTuarascálacha Ghrúpa an BEI don Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid (TCFD),[12] do Chaighdeáin an Tionscnaimh Dhomhanda Tuairiscithe (GRI), agus Scéim an Aontais Eorpaigh um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS).

8.6 Tá an CEI i measc shínitheoirí na bPrionsabal um Infheistíocht Fhreagrach (PRI) arna n-urrú ag na NA. Aithnítear PRI mar an príomhlíonra domhanda d'infheisteoirí atá tiomanta do shaincheisteanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais a fhí isteach ina gcuid cleachtas infheistíochta. Mar cheann de shínitheoirí PRI, feabhsaíonn an CEI a chleachtais agus a phróisis infheistíochta chomhshaoil, shóisialta agus rialachais i gcónaí.[13] Tá an comhar sin ag teacht leis an ngealltanas láidir atá tugtha ag an CEI tacú leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

[12] Tá Bord Caighdeán Idirnáisiúnta Inbhuanaitheachta (ISSB) Fhondúireacht na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) freagrach as faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn cuideachtaí maidir le nochtaí a bhaineann leis an aeráid, freagracht a thóg sé ar láimh ó Thascfhórsa an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB) um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid (TCFD) in 2024.

[13] Is féidir teacht ar Thuarascáil PRI an CEI ar láithreán gréasáin PRI na NA.

# 9. Freagrachtaí

9.1 Cé go bhfuil sé d'inniúlacht ag Bord Stiúrthóirí an CEI glacadh le Beartas Trédhearcachta an CEI, is faoi fhreagracht an Príomhfheidhmeannaigh atá a mhaoirseacht agus a chur chun feidhme. Leithdháiltear freagrachtaí ar fud na heagraíochta, de réir mar is iomchuí, lena áirithiú go léirítear na cuspóirí beartais sna spriocanna agus sna gníomhaíochtaí ar gach leibhéal den eagraíocht.

9.2 Sanntar acmhainní ar fud na heagraíochta chun Beartas Trédhearcachta an CEI a chur chun feidhme. Cuirtear oiliúint ar bhaill foirne ábhartha ar gach leibhéal den eagraíocht maidir le cén chaoi déileáil le saincheisteanna trédhearcachta agus nochta, le hidirphlé le páirtithe leasmhara, agus le hábhair ghaolmhara eile.

9.3 Tá próiseas leanúnach athbhreithnithe inmheánaigh agus measúnaithe cáilíochta ar bun i dtaca le Beartas Trédhearcachta an CEI, ar aon dul le Beartas Trédhearcachta Ghrúpa an BEI. Déanfar leasuithe cuí ar Bheartas Trédhearcachta an CEI a mheas gach cúig bliana, nó féadfar iad a thionscnamh ar bhealach eile, i gcomhordú le agus mar thoradh ar an bpróiseas athbhreithnithe a chuirtear i bhfeidhm ar Bheartas Trédhearcachta Ghrúpa an BEI.

9.4 Cuirtear faisnéis maidir le cur chun feidhme an bheartais seo ar fáil ar bhonn bliantúil don BEI agus tugtar le chéile í sa tuarascáil bhliantúil a fhoilsítear i gcomhréir le hAirteagal 9.4 de Bheartas Trédhearcachta Ghrúpa an BEI.[14]

[14] Foilsíonn an BEI tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme Bheartas Trédhearcachta Ghrúpa an BEI, chomh maith leis na gearáin a chuirtear isteach faoin Sásra Gearán. Ina theannta sin, foilsítear na gearáin a chuirtear isteach chuig an Ombudsman Eorpach ar a láithreán gréasáin agus ina thuarascáil bhliantúil. Foilsítear plé Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus an Choiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus ar a láithreáin ghréasáin faoi seach freisin.